Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6337/22**
**ADD 1**

**FRONT 68**
**VISA 31**
**IXIM 34**
**DATAPROTECT 40**
**DELACT 28**
**COMIX 79**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 844 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún lena sonraítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna a bheidh le húsáid chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 844 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 844 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.2.2022
C(2022) 844 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Cinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena sonraítear ábhar agus formáid an liosta réamhshocraithe de roghanna a bheidh le húsáid chun faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh de bhun Airteagal 27(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**IARSCRÍBHINN**

dá dtagraítear in Airteagal 2

Ábhar an liosta réamhshocraithe de roghanna maidir le faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a iarraidh ar na hiarratasóirí:

(1) doiciméad taistil nó doiciméid taistil an iarratasóra (an fhéidearthacht an doiciméad iomlán nó an leathanach beathaisnéiseach a iarraidh; leathanach nó leathanaigh a eisíodh, a diúltaíodh, a cúlghaireadh nó a neamhníodh; leathanaigh ar a bhfuil stampaí iontrála/imeachta; an fhéidearthacht doiciméad taistil agus doiciméid taistil roimhe sin a iarraidh a bhaineann le náisiúntacht eile);

(2) cruthúnas gur cailleadh nó gur goideadh an doiciméad taistil;

(3) doiciméad taistil chaomhnóir dlíthiúil an iarratasóra, más ann dó (an fhéidearthacht an doiciméad iomlán nó a leathanach beathaisnéiseach a iarraidh);

(4) doiciméad nó doiciméid lena gcruthaítear céannacht an iarratasóra, seachas an doiciméad taistil (e.g. ceadúnas tiomána, teastas breithe);

(5) doiciméad nó doiciméid bhuanchónaithe an iarratasóra nó doiciméad nó doiciméid lena bhfianaítear saoránacht;

(6) an chúis nó na cúiseanna nár tugadh seoladh baile ar an bhfoirm iarratais;

(7) doiciméid lena bhfianaítear áit chónaithe an iarratasóra ag an seoladh dearbhaithe;

(8) doiciméid lena bhfianaítear clárú oifigiúil gnólachta nó eagraíochta (nuair a chuir tríú páirtí iarratas isteach thar ceann iarratasóra);

(9) doiciméad nó doiciméid ar a bhfuil an seoladh poist ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir (e.g. cárta aitheantais, cárta cónaitheora nó ceadúnas tiomána);

(10) doiciméad nó doiciméid a bhaineann le bailíocht diúltaithe cead isteach agus fanachta sa Chóras Faisnéise Schengen a eisíodh chuig an iarratasóir, nó doiciméad nó doiciméid a bhaineann leis an diúltú sin a chur ar ceal;

(11) cruthúnas go bhfuil cóir mhaireachtála leordhóthanach ag an iarratasóir le haghaidh na tréimhse fanachta atá beartaithe;

(12) cruthúnas ar lóistín le haghaidh fhad na tréimhse fanachta atá beartaithe agus faisnéis teagmhála an óstaigh;

(13) cuireadh breithiúnach nó cuirí breithiúnacha, ordú cúirte/breithiúnas nó orduithe cúirte/breithiúnais, teastas nó teastais póilíneachta;

(14) litreacha/ríomhphoist a mhalartaíodh le húdarás riaracháin nó údaráis riaracháin Ballstáit nó le húdarás riarachán nó údaráis riaracháin tríú tír;

(15) doiciméadacht a bhaineann le ciontú dearbhaithe nó ciontuithe dearbhaithe;

(16) sliocht nó sleachta as an gclár coiriúil náisiúnta ábhartha nó as na cláir choiriúla náisiúnta ábhartha;

(17) doiciméadacht a bhaineann le hiarraidh nó le hiarrataí ó fhostóirí nó ó eagraíochtaí taisteal chuig tír ar leith nó a bheith i láthair i dtír ar leith, nó limistéar coinbhleachta nó cogaíochta ar leith laistigh den tréimhse áirithe sin;

(18) doiciméadacht a bhaineann le horduithe dearbhaithe chun an chríoch a fhágáil nó le cinntí dearbhaithe um fhilleadh;

(19) cruthúnas ar earráid nó earráidí riaracháin;

(20) sonrasc nó sonraisc ospidéil nó doiciméid eile lena gcruthaítear gur caitheadh tréimhse san ospidéal;

(21) ticéad nó ticéid fillte le haghaidh na cuairte, cruthúnas íocaíochta san áireamh;

(22) cruthúnas ar naisc theaghlaigh an iarratasóra sna Ballstáit;

(23) cruthúnas gur thug an t-iarratasóir cuairt ar a theaghlach, lena n-áirítear ainm nó ainmneacha, sloinne nó sloinnte agus áit chónaithe an bhaill teaghlaigh nó na mball teaghlaigh;

(24) cruthúnas gur thug an t-iarratasóir cuairt ar chara nó cairde, lena n-áirítear ainm nó ainmneacha, sloinne nó sloinnte agus áit chónaithe an charad nó na gcairde;

(25) ticéid (imeachtaí, taispeántais, ceolchoirmeacha);

(26) conradh nó conarthaí oibre/comhaontú nó comhaontuithe oibre nó rud is inchomparáid leo;

(27) pasanna bordála/ticéad nó ticéid;

(28) deimhniú nó deimhnithe sláinte;

(29) deimhniú nó deimhnithe vacsaínithe;

(30) doiciméid lena gcruthaítear slí bheatha reatha iarratasóra (i gcás iarratasóirí a roghnaigh 'fostaithe' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(31) doiciméid maidir le fostóir an iarratasóra agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis teagmhála agus teistiméireachtaí ón bhfostóir (i gcás iarratasóirí a roghnaigh'fostaithe' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(32) ainm na bunaíochta oideachais (i gcás iarratasóirí a roghnaigh 'mac léinn' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(33) dearbhú clárúcháin leis an mbunaíocht oideachais (i gcás iarratasóirí a roghnaigh 'mac léinn' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(34) dioplómaí/teastais (i gcás iarratasóirí a roghnaigh 'mac léinn' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(35) cruthúnas gur íocadh táillí teagaisc (i gcás iarratasóirí a roghnaigh 'mac léinn' ar a bhfoirm iarratais mar a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún

maidir leis an liosta réamhshocraithe de ghrúpaí poist a úsáidtear san fhoirm iarratais);

(36) iarraidh ar fhaisnéis bhreise chun míniú a thabhairt ar rófhanacht i gcríoch an Bhallstáit nó na mBallstát roimhe sin, lena n-áirítear cuspóir an taistil nuair a tharla an rófhanacht, na cúiseanna a bhí leis an rófhanacht, an seoladh cruinn nó na seoltaí cruinne ag ar fhan an t-iarratasóir le linn an rófhanachta agus an uimhir theileafóin a bhaineann leis an seoladh nó leis na seoltaí ag a fhan an t-iarratasóir le linn an rófhanachta;

(37) iarraidh ar fhaisnéis bhreise lena mínítear diúltú nó diúltuithe víosa roimhe sin;

(38) iarraidh ar fhaisnéis bhreise lena mínítear diúltú nó diúltuithe údaraithe taistil roimhe sin;

(39) iarraidh ar fhaisnéis bhreise lena mínítear cúlghairm nó cúlghairmeacha víosa roimhe sin;

(40) iarraidh ar fhaisnéis bhreise lena mínítear cúlghairm nó cúlghairmeacha údaraithe taistil roimhe sin;

(41) iarratas ar fhaisnéis bhreise lena mínítear neamhniú víosa roimhe sin;

(42) iarraidh ar fhaisnéis bhreise lena mínítear neamhniú údaraithe taistil roimhe sin;

(43) iarraidh ar fhaisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise lena mínítear an iarraidh ar údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige ar fhorais dhaonnúla;

(44) iarraidh ar fhaisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise lena mínítear an iarraidh ar údarú taistil a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aige ar oibleagáidí idirnáisiúnta.